**Leid-leathanach do thuismitheoirí lapadán (12 mhí—3 bliana)**

## Foghlaim agus forbairt tríd an súgradh

### Cad is fiú an súgradh?

Tá Jeaic, an lapadán, gnóthach sa chúlghairdín le Bláthnaid, an leanbh is sine agat. Tá siad ag líonadh gabhdán plaisteach le hithir agus á dumpáil le hais an chlaí. Leanann siad orthu go ceann deich nóiméad agus gan aird acu ar aon rud eile. Tugann sé faoi deara ansin go bhfuil claibín próca in úsáid ag Bláthnaid chun uisce a thabhairt ó lochán go dtí an ithir. Déanann sé aithris uirthi agus leanann siad orthu ag súgradh.

Tá Jeaic ag foghlaim faoin méid ithreach is féidir a chur i ngabhdán, chomh trom is a bhíonn na gabhdáin nuair a líontar iad, agus tionchar an uisce ar an ithir. Tá na matáin á bhforbairt aige, tá sé ag foghlaim conas sealaíocht a dhéanamh agus tuigeann sé go bhfuil smaointe ag Bláthnaid nach ionann iad agus a chuid féin. Bealach amháin is ea an súgradh trína bhfoghlaimíonn an lapadán faoin saol timpeall air/uirthi. Taispeánann *Aistear*, an creatchuraclam nua do leanaí ó bhreith go sé bliana d'aois tábhacht an tsúgartha do lapadáin agus tugann lear mór smaointe mar gheall ar shlite chun dul ag spraoi le do leanbh. Gheobhaidh tú tuilleadh eolais ar *Aistear* ag **www.ncca.ie/luathoige**.

### Súgradh le do lapadán

Seo thíos roinnt leideanna chun cabhrú le do lapadán foghlaim agus forbairt a dhéanamh tríd an súgradh.

1. Tabhair **am** súgartha don lapadán gach lá.
2. Bíodh **rudaí spéisiúla sábháilte** aige/aici le súgradh leo. D'fhéadfadh sé gurbh fhearr leis/léi bheith ag súgradh le boscaí, spúnóga, gabhdáin fholmha bhia agus éadaí seachas le bréagáin cheannaithe, agus ar ndóigh, is saoire go mór iad.
3. **Bí páirteach** sa súgradh. Téigh síos ar an urlár, ar an bhféar, nó pé rud é, agus bígí ag súgradh le chéile.
4. Déan **spás** don súgradh. Mar shampla, bíodh spás sa chistin nó sa seomra leapa, agus ceann eile lasmuigh, mar ar féidir leis an lapadán a bhréagáin a stóráil agus iad a thógáil amach go furasta.
5. **Labhair** leis an leanbh faoin méid atá ar siúl aige/aici: mar shampla, *Bhain mé an-taitneamh as a bheith ag súgradh leis an ngaráiste. Cén rud is mó a thaitin leatsa faoi?*
6. **Inis** don feighlí linbh nó don fhoireann sa naíolann cad iad na cluichí, na gníomhaíochtaí, na ranna agus na leabhair a mbaineann do lapadán taitneamh astu.

Is féidir leat cuidiú liom foghlaim faoi chineálacha éagsúla rudaí nuair a bhímid ag súgradh lena chéile.

Seo roinnt smaointe ó *Aistear* faoi shlite inar féidir leatsa mar thuismitheoir cabhrú le do leanbh bheith ag foghlaim agus ag forbairt trí chineálacha difriúla súgartha lasmuigh agus laistigh.

### Ag ligean oraibh

- Lean treoir do lapadáin agus lig ort a bheith ag tabhairt bia do na bábóga, a bheith i do mhadra, an dinnéar a dhéanamh, nó traein a thiomáint.
- Lig don lapadán cabhrú leat agus tú ag obair ar fud an tí, mar shampla tabhair scuab dó/di chun dul i mbun scuabtha nó pionnáin chun éadaí a chrochadh ar an líne nó lig dó cabhrú leat bia a thabhairt don pheata.
- Déan súgradh le bréagáin bheaga, mar shampa cairr bheaga, traenacha, ainmhithe, díneasáir, agus daoine. Déan comhrá faoina bhfuil ag titim amach: *Tá an feirmeoir ag crú na mbó. Tá an bhean ag deisiú an chairr sa gharáiste. Tá tine ag teacht amach as béal an dragúin.*
- Bain úsáid as fón bréagach chun glao a chur ar Mhamó nó píotsa a ordú.
- Bain úsáid as cartáin fholmha bhia, seanéadaí nó seanbhróga chun siopa a dhéanamh. Déan súgradh le chéile.
- Déan liosta siopadóireachta – scríobhann an lapadán agus cuireann tusa pictiúir le hais na n-earraí éagsúla ionas gur féidir leis/léi cabhrú leat san ollmhargadh.
- Déan traein nó eitleán, fiú, as sraith cathaoireacha nó imigh libh ar eachtra ag tabhairt cuairte ar Dhaidí na Nollag ag an Mol Thuaidh nó chun na hainmhithe sa zú a fheiceáil.

## Cluichí a mbíonn rialacha ag gabháil leo

- Imir cluichí cosúil le *Arsa Síomón, Le mo Shúílín, Lean an Ceannaire, Row, Row, Row your Boat, Cuisíní Ceoil* (úsáid cuisíní in ionad cathaoireach), and *Folaigh agus Cuardaigh*.
- Socraigh na rialacha eadraibh nuair a bhíonn sibh ag ligean oraibh gur daoine eile sibh, mar shampla nuair a bhíonn bréagshiopa agaibh, is é an riail, *Is tusa an siopadóir agus fiafraíonn tú díomsa cad ba mhaith liom a cheannach.*
- Imir a lán cluichí ina mbíonn liathróid le caitheamh, le ciceáil nó le breith uirthi.

Is cuid tábhachtach de mo shaol an súgradh, agus tá tábhacht ag baint leis ó thaobh m'fhoghlama agus m'fhorbartha de.

## Súgradh bunaithe ar theanga

- Bíodh spraoi agaibh agus sibh ag aithris agus ag rólaithris ranna éagsúla i dteannta a chéile, mar shampla, *Ring-a-Ring-a-Rósaí, Gugalaí-Gug, Humptí Dumptí, Cnag ar an Doras, Rabhlaí Rabhlaí, Suí Sá, Aon Dó, Muc is Bó, Ící Pící, Deichniúr sa Leaba.*
- Léigh scéalta le do lapadán. Iarr air/uirthi ar mhaith leis/léi an chéad chuid eile den scéal a insint, go háirithe más scéal é atá ar eolas go maith aige/aici. Bain úsáid as ceisteanna chun scéal a phlé: mar shampla, *Cá ndeachaigh an madra, meas tú? Cén fáth a ndearna an píolóta é sin?*
- Déan fuaimeanna a mheaitseáil le pictiúir, mar shampla, mú a deir an bhó, tic-tac a deir an clog, vrúm a deir an carr.
- Déan amharclann puipéad as bosca agus déan puipéid as seanstocaí, málaí páipéir nó spúnóga. Bain úsáid astu chun scéalta atá ar eolas go maith ag an leanbh a insint.

Nuair a bhím ag súgradh, úsáidim mo chorp, m'intinn, mo mhothúcháin agus mo chéadfaí.

## Súgradh cruthaitheach

- Cuir criáin thiubha, páipéar agus cárta, seanirisí, clár dubh agus cailc, péint neamhthocsaineach agus scuaba tiubha péinte, taos súgartha agus siosúr sábháilte ar fáil dó/di. Tá an súgradh i dteannta a chéile díreach chomh tábhachtach leis an toradh!
- Is féidir pictiúir a phéinteáil i dteannta a chéile, muincí pasta a dhéanamh, gearrthóga ó irisí a ghreamú de chárta chun colláis a dhéanamh.
- Déan trádaire gainnimh nó uisce (seanfholcadán babaí) nó lig don leanbh seasamh ag an doirteal ar chathaoir shocair shábháilte. Tabhair crúscaí agus buidéil phlaisteacha, clocha, spúnóga, criathra, canna beag uisciúcháin, tonnadóir agus báid spraoi dó/di. Téigí ag súgradh le chéile. Mar shampla, féach cad a tharlaíonn d'uisce nuair a chuireann tú isteach i gcriathar é. Bíodh troid uisce agaibh lasmuigh!
- Déan uirlisí ceoil as gnáthrudaí, mar shampla, is féidir ciombail a dhéanamh as dhá chlaibín ó bhoscaí brioscaí, nó tambóirín as dhá phláta páipéir greamaithe le chéile agus pasta eatarthu. Mairseáil agus sibh ag canadh amhrán agus rann.

## Súgradh fisiceach

- Déan súgradh lasmuigh oiread is féidir. Cuir cóta agus buataisí oraibh agus steall uisce i locháin nó caith liathróidí sneachta. Téigh ag siúl sa choill agus bígí ag súgradh leis na duilleoga ar an talamh.
- Tabhair don leanbh rudaí is féidir a thaiscéaladh nó a charnadh – bloic mhóra agus bheaga, bréagáin inchruachta, boscaí bróg, hataí crua, trucailí, bréaguirlisí, tochailteoirí, barraí rotha, buicéid, agus spáda. Tógaigí rudaí agus leagaigí le chéile iad.
- Cabhraigh leis an lapadán dul suas céimeanna agus fánaí, nó dul ar fhráma dreaptha nó ar chuaille dóiteáin sa pháirc.
- Tógaigí rampaí le chéile as píosaí adhmaid do ghluaisteáin agus do tharracóirí bréagánacha
- Rith timpeall an ghairdín sa tóir ar do lapadán agus cuir ag gairí é/í nuair a bheireann tú air/uirthi.
- Déan míreanna mearaí, puzail shimplí; cuirigí coirníní móra ar shnáth.

Nuair a bheidh an leanbh níos sine, d'fhéadfadh an leid-leathanach le haghaidh tuismitheoirí leanaí óga a bheith úsáideach duit (www.ncca.ie/uirlisiusaide). **Bíodh spraoi agat le do lapadán.**